

Conas gaothrán banda leaistigh a dhéanamh

Beidh gá agat le:

- Banda leaisteach
- Spól snátha (gan snáth)
- Bata líreacáin

Conas é a dhéanamh

1

Ar dtús cuir fáiscín páipéir ar thaobh amháin den bhanda leaisteach. Ansin, go cúramach, agus tú ag úsáid compáis nó snáthaide, sáigh an banda leaisteach tríd an spól snátha.

2



Nuair a bhíonn an banda leaisteach curtha tríd, sleamhnaigh an bata líreacáin isteach sa lúb. Ansin, tarraing an bata siar ón spól.

3



Cas an bata líreacáin timpeall is timpeall go dtí go mbíonn an banda leaisteach teann.

4

Scaoil leis agus féach cad a tharlaíonn! (D'úsáid tú fuinneamh chun an banda leaisteach a chasadh agus anois tá an fuinneamh sin in úsáid chun an bata a chasadh).